2026/2349

22.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2349 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Deireadh Fómhair 2026

lena n-aithnítear tionscadail áirithe amhábhar criticiúil mar Thionscadail Straitéiseacha faoi Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 8051)

(is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 1(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1252 agus d'fhonn soláthar amhábhar criticiúil an Aontais a áirithiú, tá an Coimisiún le tionscadail a shainaithint maidir le heastóscadh, próiseáil, athchúrsáil nó ionadú amhábhar straitéiseach, agus é d'aidhm aige tionscadail den sórt sin a aithint mar Thionscadail Straitéiseacha faoin gcreat a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán sin.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2024/1252, an 23 Bealtaine 2024, sheol an Coimisiún glao chun iarratas a dhéanamh ar thionscadal amhábhar criticiúil a aithint mar Thionscadal Straitéiseach ([2]), agus an 15 Eanáir 2026 an dara scoithdháta a bhí leis sin.

(3) Tar éis do na hiarratasóirí na hiarratais a chur isteach, thug an Coimisiún fógra dóibh an 13 Feabhra 2026 faoi cé acu a measadh nó nár measadh go raibh an fhaisnéis a soláthraíodh comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2024/1252.

(4) Tráth an dara scoithdháta an 15 Eanáir 2026, bhí 101 iarratas curtha isteach ó thionscadail bheartaithe atá lonnaithe sna Ballstáit, agus mheas an Coimisiún go raibh 98 díobh sin comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1252.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2024/1252, an Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla (an Bord) a bunaíodh le hAirteagal 35(1) den Rialachán sin, chuir an Coimisiún ar an eolas é faoi na hiarratais a mheas sé a bheith comhlánaithe.

(6) Dá bhrí sin, tharchuir an Coimisiún na hiarratais iomlána, i gcomhréir le hAirteagal 7(7) de Rialachán (AE) 2024/1252, chuig na Ballstáit a mbaineann a gcríoch leis an tionscadal nó na tionscadail atá beartaithe. Bhí an deis ag na Ballstáit lena mbaineann aiseolas teicniúil a sholáthar agus agóid a dhéanamh in aghaidh na dtionscadal sin atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(8) den Rialachán sin.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin i gcomhréir leis na critéir a shonraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha, saineolaithe a bhfuil saineolas acu ar na gnéithe teicniúla, airgeadais, comhshaoil, sóisialta agus rialachais de thionscadal, agus sa Chreat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní ([3]). Bhí an tuarascáil ó na saineolaithe ina bunús le measúnú an Choimisiúin.

([1]) IO L 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj.

([2]) Glao ar iarratais: Tionscadail Straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla - An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna.

([3]) Creat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe maidir le hAcmhainní | CEE-NA.

(8) Go háirithe, rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le slándáil sholáthar amhábhar straitéiseach an Aontais, le hindéantacht theicniúil, le cur chun feidhme inbhuanaithe agus le tairbhí trasteorann, de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252. Ba cheart, dá bhrí sin, na tionscadail a chomhlíonann na critéir uile a leagtar amach san Airteagal sin a aithint mar Thionscadail Straitéiseacha.

(9) Chuir an Coimisiún a mheasúnú faoi bhráid an Bhoird i gcomhréir le hAirteagal 7(6), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252. Ní bhfuair aon cheann de na tionscadail a chomhlíonann na critéir uile dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, agóid ó na Ballstáit a mbaineann a gcríoch leis na tionscadail atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2024/1252.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt do na hiarratasóirí uile ar aithint tionscadail mar Thionscadal Straitéiseach. Go sonrach, ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt do na hiarratasóirí uile faoi thoradh a mheasúnaithe agus faoin réasúnaíocht a bhaineann leis, rud lena n-áirithítear cosaint rún trádála agus gnó agus cosaint faisnéise íogaire rúnda rúnaicmithe eile, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2024/1252.

(11) Cuirfidh an Coimisiún an Cinneadh seo faoi bhráid an Bhoird agus faoi bhráid an Bhallstáit nó na mBallstát a mbaineann a chríoch/a gcríoch leis an tionscadal nó na tionscadail, i gcomhréir le hAirteagal 7(9), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252.

(12) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhoird,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aithnítear na tionscadail a liostaítear san Iarscríbhinn mar Thionscadail Straitéiseacha.

Airteagal 2

Is chuig na gnóthais seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

	Tionscnóir Tionscadail	Seoladh an Tionscnóra	Ainm an Tionscadail
1	Mitsubishi Materials Europe B.V.	Honthorststraat 19, 1071 DC Amstardam, an Ísiltír	3ECYCLE
2	9-Tech	VIa della Geologia 31, 30176, an Veinéis, an Iodáil	9PV-up: Upcycling raw materials from end-of-life photovoltaic panels.
3	Neptune Energy Innovations GmbH	Ahrensburger Straße 1, DE-30659 Hannover, an Ghearmáin	ALE - Altmark Lithium Extraction
4	Alkeemia S.p.A.	VIa della Chimica, 5, 30175 Porto Marghera (VE), an Iodáil	Alkeemia PureGraph
5	ABENÓJAR TUNGSTEN S.A.	Calle Ayala n° 10, 4° Izquierda, Madris, an Spáinn	EU APT Tungsten Plant
6	MINERALIA - Minas, Geotecnia e Construções, Lda.	R. Padre José G. Eigenmann, n. 90, 4715-199 Braga, an Phortaingéil	BORRALHA MINING PROJECT
7	Rhodia Operations	9 rue des Cuirassiers 69003 Lyon, an Fhrainc	BREES (Best Rare Earth Element Separation)
8	Leonardo S.p.A.	Piazza Monte Grappa n. 4, 00195, an Róimh, an Iodáil	CRM4Defence – Byproducts and Recycling of CRM for Defence

	Tionscnóir Tionscadail	Seoladh an Tionscnóra	Ainm an Tionscadail
9	Cobre San Rafael, S.L.	Lugar La Mina, s/n, 15.822 Touro (A Coruña), an Spáinn	Cobre San Rafael Project
10	Umicore	Broekstraat 31, 1000 an Bhruiséil, an Bheilg	CoNiKo - Cobalt and Nickel refining in Kokkola
11	Comet Traitements	Rivage de Boubier, 25 - 6200 Chatelet, an Bheilg	CUPIDON
12	KGHM Polska Miedź S.A.	ul. Marii Skłodowskiej-Curie 48, 59-300 Lubin, an Pholainn	Development and extraction of the Retków-Grodziszcze Deposit in KGHM Polska Miedź S.A.
13	ELECTRO MOBILITY MATERIALS EUROPE (EMME)	43 Rue d'Armagnac 33800 Bordeaux, an Fhrainc	EMME
14	ECO LIFE STYLE S.R.L.	Strada Plevnei no. 42, Dascalu Commune, Contae Ilfov, an Rómáin	Establishment of electric battery recycling capacity, Racari city, Dambovita county
15	ElvalHalcor Hellenic Copper and Aluminium industry S.A.	62nd km Athens - Lamia National Road, GR 320 11, Oinofyta, Viotia, an Ghréig	ETEOCLES - Developing a recycling hub for low quality copper scrap
16	cylib Production I GmbH	Philipsstraße 8, 52068 Aachen, an Ghearmáin	EU BEST STRAT: Battery Economical Sustainable (Recycling-) Technology
17	AMG Lithium GmbH	Industriepark Höchst Gebäude B852, 65926 Frankfurt, an Ghearmáin	European Lithium Refining and Recycling Hub Bitterfeld: from primary raw materials via recycling to critical solid state battery components.
18	CMK s.r.o.	Sandricka 30, 96681 Žarnovica, an tSlóvaic	GaRefine - Gallium Recycling & Refining for Europe
19	FinnCobalt Oy	Suutarinkatu 9 83500 Outokumpu, an Fhionlainn	Hautalampi Cobalt-Nickel-Copper Mine Project
20	HyProMag GmbH	Unterm Wolfsberg 9/9a, 75177 Pforzheim, an Ghearmáin	HyProMag GmbH
21	Lithium de France	31 Rue de la Redoute, 67500 Haguenau, an Fhrainc	Lithium de France
22	Aubert & Duval SAS	12 Rue d'Oradour Sur Glane 92130 Issy-Lesmoulineaux, an Fhrainc	LUERN
23	Myne Circular Metals B.V	Lorentzkade 2, 3846BP Harderwijk, an Ísiltír	Myne Circular Metals Harderwijk
24	NEOMAT PCAM	ZAC des Bassins, 124 Rue du Magasin Général, 59140 Dunkerque, an Fhrainc	NEOMAT-PCAM
25	Aluminium Rolling Division of ELVALHALCOR (Hellenic Copper and Aluminium Industry S.A)	61st km Athens - Lamia National Road, GR 320 11, Oinofyta, Viotia, an Ghréig	NEW ALUMINIUM RECYCLING HUB IN GREECE

	Tionscnóir Tionscadail	Seoladh an Tionscnóra	Ainm an Tionscadail
26	Umicore	Broekstraat 31, 1000 an Bhruiséil, an Bheilg	OREON (Optimal REcycling Of Nickel)
27	Slovalco, a.s.	Priemyselná 14, 965 48 Žiar nad Hronom, an tSlóvaic	Production of Primary Aluminium and Product Diversification in Slovalco, a.s.
28	Arctial Group Oy	Fabianinkatu 9, 00130 Helsinki, an Fhionlainn	Project Arctial
29	Pure Batterry Technologies Ltd.	Level 32, 10 Eagle Street, Brisbane, QLD,4000, an Astráil	Pure Battery Technologies pCAM plant Europe
30	KGHM Polska Miedź S.A.	ul. Marii Skłodowskiej-Curie 48, 59-300 Lubin, an Pholainn	Integrated Recycling Smelter
31	Refinis	Pramones street 2, Lazdenai, an Liotuáin	Refinis recycling plant (UAB Refinis)
32	Italrecycling & Investment srl	Via della costituzione 19, 52048 Monte San Savino, an Iodáil	ReSuPLIR - Recovery and Supply of Platinum, Iridium and Ruthenium
33	OMCD TEK HUB S.p.A.	via Megolo, 43 - 28877 Anzola d'Ossola (VB), an Iodáil	REW-ITA green HUB: REW-ITA green HUB: Italian Technology Advanced green Hub
34	Aurubis AG	Hovestrasse 50, 20539, Hamburg, an Ghearmáin	Second TBRC Lünen
35	NPM Silmet OÜ	Sillamäe linn, Kesk tn 2/1, 40231, Ida-Viru maakond, an Eastóin	Silmet 2.0
36	Hellas Gold S.A.	Leoforos Vasilissis Sofias 23A, an Aithin, an Ghréig	Skouries Project
37	Sokli Oy	Soklinkairantie 12, 98840, Ruuvaoja, an Fhionlainn	Sokli
38	Back to Battery B.V.	Mezenlaan 75, 2566ZE, Delft, an Ísiltír	Enabling CRM production in Europe by recovering CRM from end-of-life batteries: A scalable battery black mass refining process that extracts critical raw materials from all types of Li-ion batteries in an environmental friendly way.
39	Suhanko Arctic Platinum Oy	Ahjotie 7, 96320 Rovaniemi, an Fhionlainn	Suhanko project
40	Aurubis Bulgaria AD	Industrial zone, 2070, Pirdop, an Bhulgáir	Tankhouse Expansion Pirdop
41	Isabellenhütte Heusler GmbH & Co. KG	Eibacher Weg 3-5, 35683 Dillenburg, an Ghearmáin	Titanium alloys made in Europe
42	TDM Electronics Inc.	Spokojna 1, 05-555, Rembertów, an Pholainn	Urban mining

	Tionscnóir Tionscadail	Seoladh an Tionscnóra	Ainm an Tionscadail
43	CRITICAL. (úinéir Circular Industries)	Veembroederhof 281, 1019 HD Amstardam, an Ísiltír	Urban Mining Factory - Printed Circuit Boards
44	Verde Magnesium Industries SRL	Virgil Plesoianu, 84, Ap. 1, Sector 1, Búcairist, an Rómáin	Verde Magnesium Industries
45	Gruvaktiebolaget Viscaria	Viscariavägen 10, 981 99, Kiruna, an tSualainn	Viscaria Copper Project
46	Zinnwald Lithium Plc	22A St James's Square, Londain, SW1Y 4JH, an Ríocht Aontaithe	Zinnwald Lithium Project

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Stéphane SÉJOURNÉ
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

LIOSTA DE NA TIONSCADAIL STRAITÉISEACHA

(1) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Ísiltír is ea 3ECYCLE. An tionscadal, a chuireann Mitsubishi Materials Europe B.V chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(2) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Iodáil is ea 9PV-up: Upcycling raw materials from end-of-life photovoltaic panels. An tionscadal, a chuireann 9-Tech chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim, copair agus miotail sileacain.

(3) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Ghearmáin is ea ALE - Altmark Lithium Extraction. An tionscadal, a chuireann Neptune Energy Innovations GmbH chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar litiam (grád ceallra).

(4) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Iodáil is ea Alkeemia PureGraph. An tionscadal, a chuireann Alkeemia S.p.A chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar graifíte (grád ceallra).

(5) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Spáinn is ea EU APT Tungsten Plant. An tionscadal, a chuireann ABENÓJAR TUNGSTEN S.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar tungstain.

(6) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Phortaingéil is ea BORRALHA MINING PROJECT. An tionscadal, a chuireann MINERALIA - Minas, Geotecnia e Construções, Lda. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar tungstain.

(7) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Fhrainc is ea BREES (Best Rare Earth Element Separation). An tionscadal, a chuireann Rhodia Operations chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad.

(8) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Iodáil, sa Pholainn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc is ea CRM4Defence – Byproducts and Recycling of CRM for Defence. An tionscadal, a chuireann Leonardo S.p.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim, mangainéise agus miotail tíotáiniam.

(9) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Spáinn is ea Cobre San Rafael Project. An tionscadal, a chuireann Cobre San Rafael, S.L. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(10) Tionscadal próiseála atá ar siúl san Fhionlainn is ea CoNiKo - Cobalt and Nickel refining in Kokkola. An tionscadal, a chuireann Umicore chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt agus nicile (grád ceallra).

(11) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Bheilg is ea CUPIDON. An tionscadal, a chuireann Comet Traitements chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(12) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Pholainn is ea Development and extraction of the Retków-Grodziszcze Deposit in KGHM Polska Miedź S.A. An tionscadal, a chuireann KGHM Polska Miedź S.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(13) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Fhrainc is ea EMME. An tionscadal, a chuireann ELECTRO MOBILITY MATERIALS EUROPE (EMME) chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt agus nicile (grád ceallra).

(14) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Rómáin is ea Establishment of electric battery recycling capacity, Racari city, Dambovita county. An tionscadal, a chuireann ECO LIFE STYLE S.R.L. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt, litiam (grád ceallra), mangainéise (grád ceallra), graifíte (grád ceallra) agus nicile (grád ceallra).

(15) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Ghréig is ea ETEOCLES - Developing a recycling hub for low quality copper scrap. An tionscadal, a chuireann ElvalHalcor Hellenic Copper and Aluminium industry S.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(16) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Ghearmáin is ea EU BEST STRAT: Battery Economical Sustainable (Recycling-) Technology. An tionscadal, a chuireann cylib Production I GmbH chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim, copair, cóbailt, litiam (grád ceallra), mangainéise (grád ceallra), graifíte (grád ceallra) agus nicile (grád ceallra).

(17) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Ghearmáin is ea European Lithium Refining and Recycling Hub Bitterfeld: from primary raw materials via recycling to critical solid state battery components. An tionscadal, a chuireann AMG Lithium GmbH chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar litiam (grád ceallra).

(18) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa tSlóvaic is ea GaRefine – Gallium Recycling & Refining for Europe. An tionscadal, a chuireann CMK s.r.o. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar gailliam.

(19) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Fhionlann is ea Hautalampi Cobalt-Nickel-Copper Mine Project. An tionscadal, a chuireann FinnCobalt Oy chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair, cóbailt agus nicile (grád ceallra).

(20) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Ghearmain is ea HyProMag GmbH. An tionscadal, a chuireann HyProMag GmbH chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad.

(21) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Fhrainc is ea Lithium de France. An tionscadal, a chuireann Lithium de France chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar litiam (grád ceallra).

(22) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Fhrainc is ea LUERN. An tionscadal, a chuireann Aubert & Duval SAS chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar miotail tíotáiniam.

(23) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Ísiltír is ea Myne Circular Metals Harderwijk. An tionscadal, a chuireann Myne Circular Metals B.V chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim agus copair.

(24) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Fhrainc is ea NEOMAT-PCAM. An tionscadal, a chuireann NEOMAT PCAM chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt, mangainéise (grád ceallra) agus nicile (grád ceallra).

(25) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Ghréig is ea ALUMINIUM RECYCLING HUB IN GREECE. An tionscadal, a chuireann Aluminium Rolling Division of ELVALHALCOR (Hellenic Copper and Aluminium Industry S.A) chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim.

(26) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Bheilg is ea OREON (Optimal REcycling Of Nickel). An tionscadal, a chuireann Umicore chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair, cóbailt, nicile (grád ceallra) agus miotal de chuid an ghrúpa platanaim.

(27) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa tSlóvaic is ea Production of Primary Aluminium and Product Diversification in Slovalco, a.s. An tionscadal, a chuireann Slovalco, a.s. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim.

(28) Tionscadal próiseála atá ar siúl san Fhionlainn is ea Project Arctial. An tionscadal, a chuireann Arctial Group Oy chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim.

(29) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Ghearmáin is ea Pure Battery Technologies pCAM plant Europe. An tionscadal, a chuireann Pure Batterry Technologies Ltd. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt, mangainéise (grád ceallra) agus nicile (grád ceallra).

(30) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Pholainn is ea Integrated Recycling Smelter. An tionscadal, a chuireann KGHM Polska Miedź S.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair agus nicile (grád ceallra).

(31) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Liotuáin is ea Refinis. An tionscadal, a chuireann Refinis recycling plant (UAB Refinis) chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar miotal de chuid an ghrúpa platanaim.

(32) Tionscadal comhtháite atá ar siúl san Iodáil is ea ReSuPLIR - Recovery and Supply of Platinum, Iridium and Ruthenium. An tionscadal, a chuireann Italrecycling & Investment srl chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar miotal de chuid an ghrúpa platanaim.

(33) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Iodáil is ea REW-ITA green HUB: Recovery of Wolfram: Italian Technology Advanced green Hub. An tionscadal, a chuireann OMCD TEK HUB S.p.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair, cóbailt agus tungstain.

(34) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Ghearmáin is ea Second TBRC Lünen. An tionscadal, a chuireann Aurubis AG chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(35) Tionscadal próiseála atá ar siúl san Eastóin is ea Silmet 2.0. An tionscadal, a chuireann NPM Silmet OÜ chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad.

(36) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Ghréig is ea Skouries Project. An tionscadal, a chuireann Hellas Gold S.A. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(37) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Fhionlainn is ea Sokli. An tionscadal, a chuireann Sokli Oy chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad.

(38) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Ísiltír is ea Enabling CRM production in Europe by recovering CRM from end-of-life batteries: A scalable battery black mass refining process that extracts critical raw materials from all types of Li-ion batteries in an environmental friendly way. An tionscadal, a chuireann Back to Battery B.V. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt, litiam (grád ceallra), nicile (grád ceallra), mangainéise (grád ceallra) agus graifíte (grád ceallra).

(39) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Fhionlainn is ea Suhanko project. An tionscadal, a chuireann Suhanko Arctic Platinum Oy chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair, nicile (grád ceallra) agus miotal de chuid an ghrúpa platanaim.

(40) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Bhulgáir is ea Tankhouse Expansion Pirdop. An tionscadal, a chuireann Aurubis Bulgaria AD chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(41) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Ghearmáin is ea Titanium alloys made in Europe. An tionscadal, a chuireann Isabellenhütte Heusler GmbH & Co. KG chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar miotail tíotáiniam.

(42) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl sa Pholainn is ea Urban mining. An tionscadal, a chuireann TDM Electronics Inc. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair, gearmáiniam, báicsíte/alúmana/alúmanaim agus miotal de chuid an ghrúpa platanaim.

(43) Tionscadal athchúrsála atá ar siúl san Ísiltír is ea Urban Mining Factory - Printed Circuit Boards. An tionscadal, a chuireann CRITICAL. (úinéir Circular Industries) chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar báicsíte/alúmana/alúmanaim, copair agus nicile (grád ceallra).

(44) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Rómáin is ea Verde Magnesium Industries. An tionscadal, a chuireann Verde Magnesium Industries SRL chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar maignéisiam.

(45) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa tSualainn is ea Viscaria Copper Project. An tionscadal, a chuireann Gruvaktiebolaget Viscaria chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(46) Tionscadal comhtháite atá ar siúl sa Ghearmáin is ea Zinnwald Lithium Project. An tionscadal, a chuireann Zinnwald Lithium Plc chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar litiam (grád ceallra).